Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2015

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Ceimic

Aonad Measúnaithe AS 3
*ag measúnú*
Modúl 3: Scrúdú Praiticiúil
**Leabhrán Scrúdú Praiticiúil A**

AC133

**[AC133]**
**DÉ hAOINE 8 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Freagair **an dá** cheist.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 24 an marc iomlán don pháipéar seo.
Is cleachtadh praiticiúil í Ceist 1 dar luach 8 marc.
Is cleachtadh praiticiúil í Ceist 2 dar luach 16 mharc.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do chuid de cheist.
Tá Tábla Peiriadach na nDúl (agus roinnt sonraí san áireamh) ar fáil.
**Níl cead agat rochtain a bheith agat ar nótaí, téacsleabhair nó ar aon ábhar eile le cuidiú leat.**

| Uimhir Ceiste | Marcanna | |
|---|---|---|
| | Marc Scrúdaitheora | Athmharc |
| 1 | | |
| 2 | | |
| Marc Iomlán | | |

**LEATHANACH BÁN**

**Ba chóir duit spéaclaí sábháilteachta a chaitheamh i gcónaí agus a bheith cúramach le linn an scrúdaithe phraiticiúil seo.**

| Marc Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|
| | |

## 1 Toirtmheascadh

Caithfidh tú tuaslagán hiodrocsaíd sóidiam de thiúchan anaithnid a thoirtmheascadh in aghaidh tuaslagán aigéad sulfarach caighdeánach.

Cuirtear na rudaí thíos ar fáil duit:

tuaslagán d'aigéad sulfarach 0.1 mol $dm^{-3}$

tuaslagán hiodrocsaíd sóidiam de thiúchan anaithnid

táscaire feanóltailéine

- Sruthlaigh buiréad leis an tuaslagán d'aigéad sulfarach 0.1 mol $dm^{-3}$.
- Líon an buiréad leis an tuaslagán d'aigéad sulfarach 0.1 mol $dm^{-3}$.
- Sruthlaigh pípéad leis an tuaslagán hiodrocsaíd sóidiam.
- An pípéad agus líontóir pípéid in úsáid, cuir 25.0 $cm^3$ den tuaslagán hiodrocsaíd sóidiam i bhfleascán cónúil.
- Cuir 3 bhraon d'fheanóltailéin isteach sa fhleascán chónúil, agus déan í a thoirtmheascadh leis an tuaslagán d'aigéad sulfarach 0.1 mol $dm^{-3}$ go dtí go mbainfear an críochphointe amach.

Cuir do chuid torthaí i láthair i dtábla cuí agus ríomh an meántítear.

[8]

**2 Breathnú**

Cuirtear trí shubstaint anaithnide ar fáil duit, tuaslagán **A**, solad **B** agus leacht **C**. Déan na tástálacha a bhfuil cur síos déanta orthu thíos agus taifead na breathnuithe agat.

**(a)** Tástálacha ar thuaslagán **A**

| Tástáil | Breathnuithe |
|---|---|
| **1** Aistrigh 1 $cm^3$ de thuaslagán **A** isteach i ngach cheann de thrí phromhadán ar leith. | |
| **(a)** Cuir 5 bhraon de thuaslagán hiodrocsaíd sóidiam isteach sa chéad phromhadán. | [2] |
| **(b)** Cuir 5 $cm^3$ de thuaslagán hiodrocsaíd sóidiam isteach sa phromhadán seo. | [1] |
| **2** Cuir 5 bhraon de thuaslagán clóiríd bhairiam isteach sa dara promhadán. | [2] |
| **3** Cuir 5 bhraon de thuaslagán níotráit airgid isteach sa tríú promhadán. | [1] |

**(b)** Tástálacha ar sholad **B**

| Tástáil | Breathnuithe |
|---|---|
| **1** Cuir síos ar an chuma atá ar **B**. | [1] |
| **2 (a)** Cuir leathmhiosúr spadail de **B** le promhadán a bhfuil an ceathrú cuid de líonta le haigéad eatánóch caolaithe. | [2] |
| **(b)** Úsáid aoluisce le tástáil a dhéanamh ar ghás ar bith a tháirgtear. | [1] |
| **3** Cuir miosúr spadail de **B** i bpromhadán fiuchta tirim agus téigh é. | [1] |
| **4** Tum lúb glan de shreang niocróim in aigéad hidreaclórach tiubhaithe; cuir an tsreang i dteagmháil le sampla **B**, ansin coinnigh i lasair ghorm dhóire Bunsen í. | [1] |

| Marc Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|

**(c)** Tástálacha ar leacht **C**

N.B. Dabhach uisce líonta le huisce te ó chiteal.

| Tástáil | | Breathnuithe |
|---|---|---|
| **1** | Cuir 1 $cm^3$ d'uisce le 1 $cm^3$ de **C** i bpromhadán. | [1] |
| **2** | Cuir 10 mbraon de **C** ar chlog-ghloine atá ar mhata teasdíonach. Las é le birín beo. | [1] |
| **3** | Cuir 10 mbraon de **C** le 2 $cm^3$ de thuaslagán aigéadaithe déchrómáit photaisiam i bpromhadán. Téigh an meascán go séimh i ndabhach uisce. | [2] |

| Marc Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|
| | |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.